

Cruinniú 5: 18 Feabhra 2022 i gCaifé Óige Boomerang

Cuireadh fáilte roimh na hionadaithe pobail nua, Louise Mahony agus Valerie Artherton, chuig an gcruinniú. Thogh ionadaithe ón earnáil phobail Louise agus Valerie chuig na suíocháin seo ar an mBord ag cruinniú a tionóladh ar 15 Feabhra. Bhí an tAire Dlí agus Cirt Helen McEntee i láthair ar feadh an chruinnithe seo.

Bhí comhrá ag Cathaoirleach an Bhoird le Vivian Geiran agus rinne sí roinnt gníomhartha i dTuarascáil Dhroichead Átha a shoiléiriú. Go háirithe, déanfar gníomh 7.4 a nuashonrú sa chéad tuarascáil dhébhliantúil eile ar an bPlean Forfheidhmithe.

Ó bhí an cruinniú deireanach againn bhuaile Cathaoirleach agus Comhordaitheoir an Bhoird le príomhpháirtithe leasmhara éagsúla, ina measc siúd bhí Teachtaí Dála, baill Chomhairle Buirge Dhroichead Átha, agus baill Cheantar Bardasach na hInse-Baile an Bhiataigh. D'aontaíomar bualadh le hionadaithe tofa ar bhonn rialta chun obair an Bhoird a phlé. Bhí cruinnithe ann freisin leis an Aire Dlí agus Cirt, le FSS agus le príomhpháirtithe leasmhara eile sa tréimhse seo. Tá an straitéis chumarsáide, a rinneadh a chomhaontú ag an gcruinniú deireanach a bhí againn, curtha i bhfeidhm le www.droghedaimplementationboard.ie agus tá gach cainéal meán sóisialta anois beo. Ina theannta sin, tá nuachtlitir á scaipeadh anois go rialta ar eagraíochtaí pobail agus ar ionadaithe tofa.

Thug an Ceannfort Christy Mangan achoimre ar an méadú suntasach a tháinig ar bhraith, ar urghabhálacha agus ar ghabhálacha i gceantar Dhroichead Átha. Thug an Ceannfort Mangan le fios freisin go bhfuil an tAonad Póilínachta Pobail i nDroichead Átha anois dhá oiread níos mó ná go leor ceantar eile agus mar gheall air seo beidh an Gharda Síochána in ann a bheith an-fhreagrach ar shaincheistean ar leibhéal an duine aonair agus an phobail.

Thug roinnt comhaltaí Boird le fios go raibh maoiniú ilbhliantúil agus breis tacaíochtaí airgeadais de dhíth do sheirbhísí pobail atá ag feidhmiú san earnáil andúile agus drugaí. Tugadh aird freisin don bharna atá sa soláthar foirne túslíne sa réimse seo. Leagadh béim freisin ar an ngá atá le díriú ar thacaíochtaí do dhaoine óga agus aithníodh bearnaí sa soláthar oiliúna do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois. Rinneadh Foghrúpa B moladh ar thogra a chuir BOO Lú agus na Mí isteach i dtaca le hOifigeach Óige tiomnaithe a chur ar fáil do cheantar Dhroichead Átha, a thagann le roinnt gníomhaíochtaí sa tuarascáil agus a mhol Foghrúpa B don Bhord: Phléigh an Bord Tacaíocht Teaghlaigh, Leanaí, Daoine Óga agus Oideachas agus thacaigh an Bord leo.

Ceadaíodh iarratas ar thacaíocht ó Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha d'iarratais ar mhaoiniú caipitil le haghaidh bloc athraithe/cruinnithe spóirt agus pobail chun gníomh 4.4 den phlean a chur chun cinn.

Rinneadh plé cuimsitheach ar go leor pointí gníomhaíochta ar an bPlean Forfheidhmithe. Thug an Cathaoirleach le fios na dúshláin atá roimh chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí a bhfuil fócas réigiúnach nó náisiúnta níos leithne acu maidir leis na gníomhartha a sholáthar. Chuir sé béim fosta go gcaithfidh obair an Bhoird agus a chomhaltaí a bheith dírithe ar Dhroichead Átha agus an ceantar máguaird. Rinne comhaltaí roinnt moltaí maidir leis an dóigh a bhféadfaí roinnt gníomhartha le fócas níos leithne agus fadtéarmach a chur i bhfeidhm agus Droichead Átha chun tosaigh.

Mhol Cathaoirleach an Bhoird Comhairle Contae Lú as maoiniú oibreacha caipitil a fháil do Staid Lourdes.



DROGHEDA

IMPLEMENTATION BOARD

Ghuigh an Cathaoirleach gach rath freisin ar an gCeannfort Mangan agus é ag dul ar scor go luath agus ghabh sé buíochas leis as a sheirbhís do mhuintir Dhroichead Átha i dtréimhse an-deacair.